


Príomhdhualgais agus  
Príomhchumhachtaí

# Iniúcháirí

faoi Acht na gCuideachtaí



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement





Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# Iniúchóirí

faoi Acht na gCuideachtaí



## Ráiteas faoi Chóipcheart agus Séanadh

---

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Is féidir iomlán an fhoilseacháin nó cuid den fhoilseachán a atáirgeadh gan cead breise chuige sin ach foinse an ábhair a lua agus a admháil.

Níor chóir go gceapfaí gur ionann aon ní dá bhfuil anseo agus léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfeidhmiú Corparáideach, nó thar ceann an Stiúrthóra, ar thuiscint ná léirmhíniú an Stiúrthóra maidir le haon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú) nó ar léirmhíniú maidir le haon dlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhoráil faoin dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach freagracht ná dliteanas ar bith, cibé slí ina dtarlaíonn, i ngeall ar ábhar an fhoilseacháin seo ná ar earráid, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir de cheart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo nó neamhréireach leo.

© An Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach  
1 Deireadh Fómhair 2018

# Clár an Ábhair

<b>1.0</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>5</b>
<b>2.0</b>	<b>Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Iniúcháirí</b>	<b>6</b>
2.1	An Fhreagracht atá ar Chuideachtaí agus ar Stiúrthóirí maidir le Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú	6
2.2	Cad is Iniúcháir ann	6
2.3	Cad is Iniúcháireacht ann	6
2.4	Cad atá i gceist le hIniúchadh	7
2.5	Cathain is gá Iniúcháireacht a dhéanamh	8
2.6	Cáilíochtaí an Iniúcháir faoi Acht na gCuideachtaí	8
2.7	Ceapadh an Iniúcháir	9
2.8	Luach Saothair an Iniúcháir	9
2.9	Dualgais an Iniúcháir	9
2.9.1	Dualgas Tuarascáil Iniúcháir a chur ar fáil	9
2.9.2	Dualgas Tuairisc a Thabhairt má tharla Loiceadh Leabhair Chuí Cuntais a choimeád	11
2.9.3	Dualgas Tuairisc a Thabhairt maidir le Cionta d'aicme 1 agus d'aicme 2	11
2.9.4	Dualgas Ionracas Gairmiúil a Fheidhmiú	11
2.9.5	Dualgas Fianaise ar Cheadú a chur ar fáil don Stiúrthóir	12
2.10	Ceartha Iniúcháirí	12
2.10.1	Ceart Rochtana	12
2.10.2	Ceart Fógra maidir le Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta agus Ceart Cruinnithe Ginearálta a Fhreastail	12
2.11	Iniúcháir a chur as Oifig	13
2.11.1	Iniúcháir Reachtúil a chur as Oifig sa chás go bhfuil leas á bhaint ag cuideachta as díolúine ó chuntais a chur á n-iniúchadh	13
2.11.2	An tIniúcháir Reachtúil éirí as Oifig	13
2.11.3	Iniúcháirí Reachtúla a chur as Oifig ag cruinniú ginearálta	13
2.11.4	An fógra fadtréimhse atá de dhíth maidir le iniúcháir a cheapadh nó a chur as oifig	14
2.11.5	Dualgas fógra a thabhairt do IAASA faoi iniúcháir éirí as oifig idir cruinnithe CGB cuideachta	14
2.11.6	Cosc feidhmiú mar Iniúcháir Reachtúil le linn dícháiliúcháin	14





<b>3.0</b>	<b>Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí</b>	<b>15</b>
3.1	Pionóis maidir le Cionta Coiriúla	15
	• Pionóis arna bhforchur ag Cúirt	15
3.2	Pionóis Shibhialta	16
	• Dícháiliúchán	16
	• Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa	16
	• Gealltanais Dícháiliúcháin	17
	• Srianadh	17
	• Gealltanais maidir le Srianadh	17
	• Cuideachta a bhaint den Chlár	18



## 1.0 Réamhrá

Tugadh roinnt de na hathruithe is suntasaí ar dhlí na gcuideachtaí le leathchéad bliain anuas isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014 (ina dhiaidh seo, 'Acht na gCuideachtaí'). Cruthaíodh cineálacha nua cuideachtaí faoin Acht chomh maith le hathruithe éagsúla a thabhairt isteach maidir leis na rólanna atá ag páirtithe éagsúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

D'fhonn a leagtar de shainchúram ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt i gcrích, comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chothú, eisiúint an Oifig sraith de Leabhráin Eolais ina leagtar amach na príomhrólanna agus na príomhfhreagrachtaí a ghabhann le páirtithe mórtábhachtacha faoi dhlí na gcuideachtaí. Déantar sin chun cuidiú le daoine nach den lucht gairme iad ar mian leo eolas níos fearr a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na dualgais atá orthu faoin dlí.

Rinneadh na Leabhráin Eolais a eisiúint den chéad uair i mí na Samhna 2001. Leis an eagrán reatha seo, tá ceithre athscríobh suntasach tugtha ar ábhar na leabhrán ó thráth a bhfoilsithe den chéad uair. Is é an dlí tar éis Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú) a rith atá faoi chaibidil san eagrán reatha. Tá leabhráin ar fáil ar na hábhair seo a leanas:

### **Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta**

### **Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta**

### **Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta**

### **Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**

### **Leabhrán Eolais 5 – An tIniúchóir**

### **Leabhrán Eolais 6 – An Creidiúnaí**

### **Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir**

Chomh maith leis an eolas faoi na dualgais agus na cumhachtaí a bhaineann le hábhar, tugtar eolas i ngach leabhrán faoi na pionóis a ghabhann le mainneachtain déanamh de réir Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh gach leabhar a ullmhú le húsáid ag daoine nach den lucht gairme iad d'fhonn na príomhfhorálacha a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a bheith níos sothuigte.

Measann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur den tábhacht go mbeadh daoine a mbíonn tairbhe agus leas acu as corprú ar an eolas chomh maith céanna faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis. Tá na Leabhráin Eolais seo leagtha amach d'fhonn cur leis an eolas atá ag daoine ar na dualgais agus na freagrachtaí sin.

Is mian leis an Stiúrthóir go dtuigfí go soiléir nach féidir a cheapadh gur léirmhíniú ar an dlí atá sa treoir seo i ndáil le foráil ar bith. Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire gur cheart don léitheoir atá éiginnte faoi oibleagáid nó dualgas faoin dlí comhairle neamhspleách a iarraidh ó dhuine den lucht gairme i réimse an dlí nó na cuntasáochta de réir mar is cuí.

### **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

#### **1 Deireadh Fómhair 2018**



## 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Iniúcháirí

### 2.1 An Fhreagracht atá ar Chuideachtaí agus ar Stiúrthóirí maidir le Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú

Sula srúdaítear a leagtar de dhualgas agus de fhreagracht ar an iniúcháir, is fiú aird a thabhairt in athuair ar an bhfreagracht atá ar chuideachtaí agus ar stiúrthóirí cuideachta maidir le ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.

Tá dlite ar gach cuideachta taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád nó a thabhairt go gcoimeádtar taifid den sórt sin ina bhfuil tuairisc chruinn agus míniú ar idirbhearta uile na cuideachta<sup>1</sup>. Tá dlite ar chuideachta ráitis airgeadais bhliantúla reachtúla a ullmhú arna mbunú ar na taifid cuntasáochta agus ar eolas ábhartha eile<sup>2</sup>. Leagtar amach a mbíonn sna ráitis airgeadais bhliantúla i Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta, i roinn 2.10.2. Tá dlite ar na stiúrthóirí a shocrú go ndéanann iniúcháir reachtúil<sup>3</sup> na ráitis airgeadais bhliantúla a iniúchadh mura bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh agus gurb é rogha na cuideachta glacadh leis an díolúine sin<sup>4</sup>.

Tá de fhreagracht ar na stiúrthóirí a chinntiú go dtugtar léargas fórcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar riocht airgeadais na cuideachta (brabús nó cailteanas san áireamh) ag deireadh na bliana airgeadais<sup>5</sup>.

### 2.2 Cad is Iniúcháir ann

Duine gairmiúil neamhspleách atá san iniúcháir (a luaitear go sonrach mar iniúcháir reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí) atá cáilithe chun iniúcháireacht a dhéanamh. Is iondúil gur comhlacht iniúcháirí a cheaptar chun feidhmiú mar iniúcháirí ag cuideachta. Is faoi rialáil chomhlachtaí gairme na nIniúcháirí, faoi mhaoirseacht Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), a thagann Iniúcháirí den chuid is mó.

Ciallaíonn “iniúcháir reachtúil”<sup>6</sup> faoi Acht na gCuideachtaí, duine nó gnólacht a cheadaítear mar iniúcháir reachtúil nó gnólacht iniúcháireachta reachtúil, de réir mar a bheidh, faoi Chuid 27, agus gnólacht cláraithe de réir alt 1465 san áireamh.

Tugtar liosta iniúcháirí agus gnólachtaí iniúcháireachta reachtúla atá i dteideal feidhmiú ina n-iniúcháirí sa Stát ar láithreán gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí: [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

### 2.3 Cad is Iniúcháireacht ann

Is é a bhaineann le hiniúchadh scrúdú neamhclaonta agus measúnú ar thaifid chuntasaíochta cuideachta ag iniúcháir reachtúil. Is é cuspoir an iniúchta a fhíorú gur léiriú cruinn agus cothrom é na taifid idirbhearta na cuideachta, agus fianaise i ndáil leis na suimeanna a luaitear agus an nochtadh a dhéantar sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé trí chalaíocht nó trí earráid. Tugtar san áireamh leis sin measúnóireacht maidir le: oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do

<sup>1</sup> Alt 281 Acht na gCuideachtaí – Tugtar mionsonraí faoi thaifid cuntasaíochta leordhóthanacha agus faoi thuairiscí stiúrthóirí i Leabhrán Eolais 2 – i roinn 2.6.2.

<sup>2</sup> Alt 290 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 16 Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017)

<sup>3</sup> Alt 333 Acht na gCuideachtaí.

<sup>4</sup> Altanna 358-365 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Altanna 56 go 61 Acht na gCuideachtaí 2017).

<sup>5</sup> Alt 289 Acht na gCuideachtaí.

<sup>6</sup> Sainmhíniú - Alt 2 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 4 Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018)





chúrsaí na cuideachta agus cibé an ndearnadh iad a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach agus a nochtadh mar ba chóir; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Trína dtuairim a thabhairt, tugann iniúchóirí na cuideachta dearbhú réasúnta do chomhalta na cuideachta go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar riocht ghnóthaí na cuideachta ag tráth faoi leith (i.e. ag deireadh na bliana airgeadais) agus ar an mbrabús (nó cailiteanas) maidir leis an tréimhse atá faoi chaibidil agus go ndearnadh iad a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí agus leis na caighdeáin cuntasáíochta infheidhme.<sup>7</sup>

I ndéanamh na hiniúcháireachta dóibh, tá ceangailte ar iniúchóirí cloí leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an gComhairle maidir le Tuairiscíocht Airgeadais, comhlacht neamhspleách a leagann síos caighdeáin.

## 2.4 Cad atá i gceist le hIniúchadh

Le linn iniúcháireacht a dhéanamh, is iondúil go ndéanann iniúchóirí obair iniúcháireachta den chineál seo a leanas:

- ‘litir fostaíochta’ a chur ar fáil don chuideachta ina leagann an t-iniúchóir amach a bhfuil de fhreagracht ar na stiúrthóirí agus ar na hiniúchóirí faoi seach agus raon feidhme na hiniúchta;
- eolas a fháil ar ghnó agus ar thionscal na cuideachta;
- an iniúcháireacht a phleanáil d’fhonn na réimsí sin de na ráitis airgeadais is mó a mbeadh baol go dtarlódh earráid nó míráiteas ina leith a shonrú;
- córas rialála inmheánach na cuideachta a mheas chomh fada agus a bhainfeadh leis na ráitis airgeadais (tugtar míniú achoimre ar chórais rialála inmheánacha in Aguisín C le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta);
- an fhianaise a bhaineann leis na suimeanna a luaitear agus an nochadh a dhéantar sna ráitis airgeadais a scrúdú ar bhonn tástála;
- na meastacháin shuntasacha agus na breithiúnais, a rinne na stiúrthóirí le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, a mheas;
- deimhniú cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta réasúnta agus ar cuireadh in iúl go leordhóthanach iad;
- cur i láthair na ráiteas airgeadais go ginearálta a bhreithniú;
- scrúdú a dhéanamh ar eachtraí suntasacha ar bith a tharla ó thráth an chláir chomhardaithe i leith i.e. i rith na tréimhse ón dáta deiridh lena mbaineann ríomh na ráiteas airgeadais agus an dáta a dtugtar an iniúcháireacht chun críche;
- ar an iniúchadh a chríochnú, litir a chur ar fáil do na stiúrthóirí ina leagtar amach ceisteanna suntasacha ar bith ar thángthas trasna orthu (e.g. earráidí, laige sa rialáil inmheánach etc.) le linn na hiniúcháireachta agus moltaí maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ar thángthas orthu (mar ‘litir bainistíochta’ a thagraítear don litir sin);
- tuarascáil na n-iniúchóirí a eisiúint le comhaltaí na cuideachta (féach thíos).

<sup>7</sup> ISA (International Standard on Auditing (Ireland)) 700 (Foilsithe ag IAASA)



## 2.5 Cathain is gá Iniúchadh a dhéanamh

Go ginearálta, ní mór do gach cuideachta na ráitis airgeadais a chur faoi iniúcháireacht uair sa bhliain<sup>8</sup>. Ina ainneoin sin, tá cuideachtaí áirithe micrea agus beaga agus grúpaí beaga a mbeadh díolúine acu ón gceanglas iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar chuntar go gcomhlíontar na coinníollacha cáilitheacha a gcaithfear a déilealfar mar chuideachta bheag<sup>9</sup>.

Ba chóir a thabhairt chun aire go bhfuil dlite i gcónaí ar chuideachta atá i dteideal díolúine ó iniúchadh agus a roghnaíonn leas a bhaint as an díolúine sin taifid cuntasáíochta cuí a choimeád nó a thabhairt go gcoimeádtar taifid dá sórt, ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, na ráitis airgeadais a leagan faoi bhráid na gcomhaltaí agus comhdú a dhéanamh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí de réir mar is cuí.

## 2.6 Cáilíochtaí an Iniúcháir faoi Acht na gCuideachtaí

Ionas go mbeadh duine cáilithe feidhmiú mar iniúcháir ag cuideachta, ní mór uine nó gnólacht a bheith dea-cháil<sup>10</sup>. Ní foláir:

- bheith ar chomhaltaí chomhlacht cuntasóirí<sup>11</sup> a mheastar a bheith aitheanta faoi Alt 930<sup>12</sup> Acht na gCuideachtaí ag an IAASA na feidhmeanna a chomhlíonadh mar atá leagtha amach faoi Chuid 27<sup>13</sup> d'Acht na gCuideachtaí; agus;
- cáilíocht<sup>14</sup> cuí a bheith gnóthaithe ón gcomhlacht aitheanta sin chun tabhairt faoi iniúcháireacht.

Féadfaidh comhlacht cuntasáíochta aitheanta iniúcháir tríú tír a cheadú mar iniúcháir reachtúil má tá cruthúnas tugtha ag an duine sin go gcomhlíonann sé nó sí ceanglais choibhéiseacha leis na cinn a shonraítear in ailt ábhartha de Chuid 27 d'Acht na gCuideachtaí.

Is coinníoll a bhaineann le formheas an iniúcháir reachtúil go nglacann siad páirt i gcláir oiriúnacha oideachais leanúnach<sup>15</sup> agus a bheith faoi réir eitice gairmiúla<sup>16</sup> lena n-áirítear a n-ionracas, a n-oibiachtúlacht, a n-inniúlacht ghairmiúil agus a cúram cuí ag a gcomhlacht cuntasáíochta aitheanta.

### Páirtithe nach incháilithe

Tá toirmeasc ar pháirtithe áirithe feidhmiú mar iniúcháirí ag cuideachta, daoine a bhfuil ceangal acu leis an gcuideachta atá á cur faoi iniúchadh (oifigigh agus fostaithe de chuid na cuideachta nó neasghaoil dá gcuid), féimhigh neamhurscaoilte agus eile.

Ar an gcaoi chéanna, tá cosc ar dhaoine atá faoi réir ordú dícháilliúcháin feidhmiú mar iniúcháirí ag cuideachta.

### Coinníollacha gairme

De bhreis ar an toirmeasc faoin dlí ar dhaoine áirithe feidhmiú mar iniúcháirí ag cuideachta, tagann cuntasóirí faoi réir choinníollacha gairme eile i ndáil leis na cásanna ina gceadaítear dóibh feidhmiú mar iniúcháirí ag cuideachta. Is é cuspóir atá leo sin neamhspleáchas an iniúcháir a chaomhnú.

<sup>8</sup> Alt 333 Acht na gCuideachtaí.

<sup>9</sup> Pléitear go mion na critéir i ndáil le díolúine ó chuntais a chur á n-iniúchadh i Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta, i roinn 2.10.3.

<sup>10</sup> Alt 1464(2) Acht na gCuideachtaí (Cuid 27 - curtha isteach ag Alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018)

<sup>11</sup> Tugtar aitheantas faoi Acht na gCuideachtaí do na comhlachtaí cuntasóirí seo a leanas;

- (a) Comhlachas na gCuntasóirí Deimhniú Cairte;
- (b) Cuntasóirí Cairte Éireann,
- (c) Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag;
- (d) Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain; agus
- (e) Institiúid na gCuntasóirí Deimhniú Poiblí in Éirinn;

<sup>12</sup> Alt 930 Acht na gCuideachta (arna leasú ag Alt 26 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>13</sup> Cuid 27 agus Scéidil 19 agus 20 Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag Alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>14</sup> Alt 1472 Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag Alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>15</sup> Alt 1489 Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>16</sup> Alt 1490 Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag Alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)



## 2.7 Ceapadh an Iniúcháir<sup>17</sup>

Is féidir leis na stiúrthóirí na hiniúcháirí tosaigh ag an gcuideachta a cheapadh tráth ar bith roimh an gcéad cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) de chuid na cuideachta. Beidh iniúcháir a cheaptar ar an gcuma sin in oifig go dtí deireadh an chéad chruinniú CGB sin. Ina dhiaidh sin, is iad comhaltaí na cuideachta ag cruinniú ginearálta bliantúil a cheapann na hiniúcháirí agus bíonn na hiniúcháirí in oifig go dtí an chéad chruinniú eile den chineál sin.

## 2.8 Luach Saothair an Iniúcháir<sup>18</sup>

I gcás iniúcháirí arna gceapadh ag na stiúrthóirí, is féidir leis na stiúrthóirí an luach saothair a shocrú. Sa chuid is mó de na cásanna eile, socraíonn an cuideachta luach saothair na n-iniúcháirí ag an gCGB.

## 2.9 Dualgais an Iniúcháir

### 2.9.1 Dualgas Tuarascáil Iniúcháir a chur ar fáil

Is é príomhdhualgas atá ar iniúcháirí i leith na cuideachta tuarascáil a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta faoi na ráitis airgeadais reachtúla, mar atá iniúchta acusan, a leagtar faoi bhráid na gcomhaltaí<sup>19</sup>. Féachtar, trí thuairim an iniúcháir, treisiú le hiontaofacht na ráiteas airgeadais trí dheimhniú réasúnta a thabhairt ó fhoinse neamhspleách go dtugtar léargas fíorcheart iontu.

Ní foláir tuarascáil na n-iniúcháirí ar na ráitis bhliantúla reachtúla, a leagtar os comhair na cuideachta i le linn cruinnithe ginearálta, a bheith ag teacht lena n-éilítear faoi Acht na gCuideachtaí agus faoi na caighdeáin iniúcháireachta.

Tá gnéithe mar seo a leanas de dhíth i dtuarascáil reachtúil iniúcháirí:

- réamhrá ina sonraítear ráitis airgeadais an eintitis, agus ráitis airgeadais an ghrúpa nuair is cuí, a thagann i gceist leis an iniúcháireacht agus an creat tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn iad a ullmhú, agus
- cur síos ar raon feidhme na hiniúcháireachta ina luaitear na caighdeáin iniúcháireachta a ndearnadh an iniúcháireacht i gcomhréir leo.

Ní mór tuairim na n-iniúcháirí<sup>20</sup> faoi na nithe seo a leanas a lua go soiléir i dtuarascáil reachtúil iniúcháirí:

- cibé an dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais reachtúla:
  - (a) i ndáil le clár comhardaithe eintitis, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar riocht airgeadais na cuideachta faoi mar a bhí ag deireadh na bliana airgeadais,
  - (b) i ndáil le cuntas brabúis agus cailteanais eintitis, ar bhrabús nó ar chailteanas na bliana airgeadais ag an gcuideachta,
  - (c) i ndáil le ráitis airgeadais ghrúpa, ar na sócmhainní, na dliteanais agus an riocht airgeadais faoi mar a bhí ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chailteanas na bliana airgeadais ag na gnóthais a chuimsítear sa ghrúpa comhdhlúite in iomláine, chomh fada agus a bhaineann le comhaltaí na cuideachta;

<sup>17</sup> Alt 382 Acht na gCuideachtaí.

<sup>18</sup> Alt 381 Acht na gCuideachtaí.

<sup>19</sup> Alt 391 Acht na gCuideachtaí.

<sup>20</sup> Alt 336 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 45 Acht na gCuideachtaí (Custasaíochta) 2017 agus Alt 7 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018).

- cibé an ndearnadh na ráitis airgeadais reachtúla a ullmhú mar is cóir i gcomhréir leis an gcreat tuairiscíochta airgeadais cuí agus, lena n-éilítear go háirithe faoi Acht na gCuideachtaí (agus, má bhaineann le hábhar, Alt 4 den Rialachán CIC)<sup>21</sup>.

Ní mór a lua chomh maith i dtuarascáil na n-iniúcháirí<sup>22</sup>:

- cibé an bhfuarthas gach faisnéis agus míniú is gá, de réir mar is fearr is eol dóibh agus a chreideann siad, chun críocha na hiniúcháireachta;
- cibé, ina dtuairim, atá nó nach bhfuil taifid cuntasáochta na cuideachta leordhóthanach ionas gurbh fhéidir an ráiteas airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí,
- cibé, ina dtuairim, a fuarthas nó nach bhfuarthas faisnéis agus tuairisceáin atá leordhóthanach don iniúcháireacht ó bhraintí de chuid na cuideachta nár thug siad cuairt orthu; agus,
- i gcás ráitis airgeadais eintitis, cibé atá nó nach bhfuil clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus cailteanais na cuideachta i gcomhréir leis na taifid agus na tuairisceáin cuntasáochta;
- cibé, ina dtuairim, atá nó nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí maidir leis an mbliain airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais reachtúla.

Sa chás nach féidir leis na hiniúcháirí dea-thuairisc a thabhairt i ndáil le ceann ar bith de na nithe thuas, d'fhéadfadh go mbeadh orthu an tuairisc iniúcháireachta 'a mhaolú' agus na cúiseanna leis an maolú sin a lua. Tá trí chineál ann de thuairiscí maolaithe, eadhon:

- 'tuairim mhaolaithe', ina maíonn na hiniúcháirí go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais cé is moite de nithe áirithe a dtugann an t-iniúcháir cuntas go sonrath orthu sa tuairisc;
- 'séanadh tuairime', ina luann na hiniúcháirí nach bhfuil ar a gcumas a theacht ar thuairim cibé a thugtar nó nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais. Tagann séanadh tuairime i gceist sa chás go ndéantar srianadh de chineál éigin ar raon feidhme obair na n-iniúcháirí e.g. nach raibh ar a gcumas teacht ar na leabhair nó ar na taifid go léir; nó
- 'tuairim chodarsnachta', ina maíonn na hiniúcháirí nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais. Tugtar tuairim chodarsnachta sa chás nach n-aontaíonn na hiniúcháirí leis na ráitis airgeadais agus nach bhfuil na stiúrthóirí toilteanach na ráitis airgeadais a leasú i ndáil lena measann an t-iniúcháir a bheith ina léargas fíorcheart.

Éilítear ar na stiúrthóirí faoin dlí faisnéis áirithe a chur in iúl sna ráitis airgeadais, mar shampla sonraí faoi luach saothair na stiúrthóirí chomh maith le heolas maidir le hidirbhearta idir na stiúrthóirí agus an chuideachta<sup>23</sup>. Sa chás nach gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil sna ráitis airgeadais, tá dlite ar na hiniúcháirí a cur ar fáil ina dtuarascáil. Ina theannta sin, ceanglaítear ar chuideachtaí (gan micreacuideachtaí) na nótaí a nochtadh do na ráitis airgeadais a bhaineann le cúrsaí a íoctar nó a fuair tríú páirtithe chun seirbhísí stiúrthóra na cuideachta nó stiúrthóra de fhochuideachta a chur ar fáil nó ar shlí eile<sup>24</sup>.

<sup>21</sup> Ciallaíonn "Rialachán CIC" Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 agus baineann Airteagal 4 le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna.

<sup>22</sup> Alt 336 Acht na gCuideachtaí (leasaithe ag Alt 45 Acht na gCuideachtaí (Cuntasáochta) 2017 agus Alt 7 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>23</sup> Alt 305 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 26 Acht na gCuideachtaí (Cuntasáochta) 2017)

<sup>24</sup> Alt 305A Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag Alt 27 Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017)





### 2.9.2 Dualgas Tuairisc a thabhairt má tharla Loiceadh taifid chuí cuntais a choimeád<sup>25</sup>

Sa chás, tráth ar bith, go dtagann na hiniúcháirí reachtúla ar an tuairim go bhfuil, nó go raibh, sárú á dhéanamh ag an gcuideachta atá faoi iniúchadh ar alt ar bith d'Altanna 281 go dtí 285 (taifid cuntasáochta), tá dlite orthu fógra a thabhairt don chuideachta go bhfuiltear den tuairim sin. Sa chás nach ndéanann na stiúrthóirí, taobh istigh de sheacht lá, na bearta is gá chun an sárú a chur ina cheart, tá dlite ar na hiniúcháirí sin a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí, a dhéanfaidh a chur in iúl don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ba chóir a thabhairt chun aire go dtagann an dualgas tuairiscíochta atá ar iniúcháirí i ndáil le taifid cuntasáochta i gceist le nithe den chineál seo a leanas: loiceadh taifid chuí cuntasáochta a choimeád, loiceadh a chur in iúl cén áit a gcoinnítear na taifid cuntasáochta, loiceadh cead a thabhairt teacht ar na taifid cuntasáochta agus loiceadh taifid cuntasáochta a choimeád go ceann tréimhse sé bliana.

Tá de dhualgas ar na hiniúcháirí chomh maith tuairisc faoin gcás a chur chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Sa chás go n-iarrann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina dhiaidh sin ar na hiniúcháirí sin a dhéanamh, tá ceangailte orthu an tráth sin eolas a chur ar fáil don Stiúrthóir, lena n-áirítear míniú ar na cúiseanna lena dtuairim agus deis a thabhairt don Stiúrthóir ar cháipéisí, áiseanna chun iad a scrúdú agus a chóipeáil san áireamh.

### 2.9.3 Dualgas Tuairisc a thabhairt maidir le Cionta d'aicme 1 agus d'aicme 2<sup>26</sup>

Sa chás go dtarlaíonn, le linn dóibh agus de bharr inniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais chuideachta, iniúcháirí reachtúla ar eolas a fhágann go dtagann siad ar an tuairim go bhfuil cúis réasúnta lena cheapadh go ndearna an chuideachta nó oifigeach nó gníomhaire de chuid na cuideachta cion d'aicme 1 nó d'aicme 2, ní foláir do na hiniúcháirí reachtúla an tuairim sin a chur in iúl don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus na sonraí faoi na cúiseanna a bhí le teacht ar an tuairim sin a chur ar fáil don Stiúrthóir.

Chomh maith leis an dualgas a chomhlíonadh fógra a thabhairt don Stiúrthóir faoin tuairim, déanfaidh na hiniúcháirí reachtúla, má iarrann an Stiúrthóir, sin:

- gach faisnéis eile a bhaineann leis an ábhar a bheadh de dhíth ar an Stiúrthóir atá ina seilbh nó faoina smacht a chur ar fáil don Stiúrthóir, lena n-áirítear faisnéis breise faoi na cúiseanna a bhí le teacht ar an tuairim,
- an rochtain sin a thabhairt don Stiúrthóir ar leabhair agus ar dhoiciméid a bhaineann leis an ábhar atá ina seilbh nó faoina smacht de réir mar a bheadh de dhíth ar an Stiúrthóir, agus
- an rochtain sin a thabhairt don Stiúrthóir ar áiseanna chun cóipeanna a dhéanamh de na leabhair agus de na doiciméid sin, nó sleachta a bhaint astu, de réir mar a bheadh de dhíth ar an Stiúrthóir.

### 2.9.4 Dualgas Ionracas Gairmiúil a Fheidhmiú<sup>27</sup>

Beidh an duine nó an gnólacht atá ceaptha mar iniúcháir reachtúil ar chuideachta faoi dhualgas ginearálta na seirbhísí iniúcháireachta lena mbaineann a chur i gcrích ar shláine ghairmiúil. Le linn dóibh an tuarascáil a ullmhú, ní mór d'iniúcháirí an scil, an cúram agus an aire a oibriú a d'oibreodh iniúcháir réasúnta inniúil, cúramach agus aireach. Sa chás nach gcomhlíonann iniúcháirí an dualgas atá orthu scil agus cúram réasúnta a úsáid, d'fhéadfaidís teacht faoi dhliteanas maidir le damáistí:

- don chuideachta atá faoi chonradh; agus/nó
- do na páirtithe sin a bhfuil dualgas cúraim dlite dóibh i ndáil le faillí, ar a n-áirítear an chuideachta, na comhaltaí, agus i roinnt bheag cásanna áirithe, scairshealbhóirí ionchais.

<sup>25</sup> Alt 392 Acht na gCuideachtaí

<sup>26</sup> Alt 393 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 65 Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017)

<sup>27</sup> Alt 390 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 12 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)



### Eitic Ghairmiúil<sup>28</sup>

Cuirfidh comhlacht cuntasáochta aitheanta faoi réir iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta le prionsabail eitice gairmiúla, lena n-áirítear ar a laghad a ngníomhaíocht leasa phoiblí, a n-ionracas, oibiachtúlacht, inniúlacht ghairmiúil agus cúram cuí.

### 2.9.5 Dualgas Fianaise ar Cheadú a chur ar fáil don Stiúrthóir<sup>29</sup>

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach a éileamh ar dhuine -

- (a) ag gníomhú mar iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta cuideachta, nó
- (b) a airbheartaíonn go bhfuair sé cead faoi Chuid 27, nó clárú de réir Alt 1465 d'Acht na gCuideachtaí, chun gníomhú amhlaidh,

fianaise a tháirgeadh ar cheadú an duine.

## 2.10 Cearta Iniúchóirí

Tá cearta mar seo a leanas ag iniúchóirí cuideachtaí:

### 2.10.1 Ceart Rochtana<sup>30</sup>

Tá ceart ag iniúchóirí reachtúla cuideachta fáil a bheith acu gach tráth réasúinch ar thaifid cuntasáochta na cuideachta.

Is féidir leis na hiniúchóirí reachtúla atá ag cuideachta nó cuideachta sealbhaíochta a éileamh ar na hoifigigh an fhaisnéis agus an t-ábhar míniúcháin sin a chur ar fáil a mheasann na hiniúchóirí a bheith ar eolas ag na hoifigigh, nó a bheith ar fáil dóibh, agus a bheith riachtanach chun a leagtar de dhualgas ar na hiniúchóirí a dhéanamh. Beidh oifigeach nach gcuireann ar fáil, de réir mar a iarrtar, faisnéis nó míniúchán atá ar eolas ag an oifigeach, nó ar fáil ag an oifigeach, laistigh de dhá lá den iarratas, ciontach i gcion d'aicme <sup>31</sup>. Áirítear mar oifigeach chun críche an ailt seo fostaí ar bith, cúlstiúrthóir ar bith nó stiúrthóir *de facto* ar bith de chuid na cuideachta.

Tá de cheangal freisin ar fhochuideachtaí, agus ar oifigigh fhochuideachtaí, atá corpraithe sa Stát a mbeadh d'fhaisnéis agus de lón míniúcháin de dhíth go réasúnach ar iniúchóirí na cuideachta sealbhaíochta chun a gcuid dualgais a chomhlíonadh a chur ar fáil dóibh. Sa chás go bhfuil fochuideachtaí de chuid na cuideachta taobh amuigh den Stát, tá dlite ar an gcuideachta féin gach beart réasúnach a dhéanamh chun faisnéis agus míniúchán den sórt sin a fháil do na hiniúchóirí.

Beidh oifigeach cuideachta a thugann ráiteas, ó bhéal nó i scríbhinn, don iniúchóir reachtúil, arb eol dó nó di é a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó a thugann ráiteas den sórt sin le linn dó nó di bheith meargánta i leith a bheith bréagach nó míthreorach, ciontach i gcion d'aicme <sup>32</sup>. Áirítear mar oifigeach chun críche an ailt seo fostaí ar bith, cúlstiúrthóir ar bith nó stiúrthóir *de facto* ar bith de chuid na cuideachta.

### 2.10.2 Ceart Fógra maidir le Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta agus Ceart Cruinnithe Ginearálta a Fhrestail<sup>33</sup>

Tá iniúchóirí i dteideal bheith i láthair ag gach cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta agus na fógraí céanna a fháil i ndáil le cruinnithe agus an chumarsáid chéanna a dhéanamh leo i ndáil le cruinnithe a dhéantar leis na comhaltaí, ach amháin sa chás go bhfuil an chuideachta i dteideal

<sup>28</sup> Alt 1490 Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag Alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>29</sup> Alt 1474 Acht na gCuideachtaí (curtha isteach ag Alt 51 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018)

<sup>30</sup> Alt 386 Acht na gCuideachtaí.

<sup>31</sup> Alt 387 Acht na gCuideachtaí.

<sup>32</sup> Alt 389 Acht na gCuideachtaí.

<sup>33</sup> Alt 180(6) Acht na gCuideachtaí.



díolúine ó chuntais a chur faoi iniúchadh agus go bhfuil roghnaithe leas a bhaint as an díolúine sin. Tá de cheart acu freisin éisteacht a fháil ag gach cruinniú ginearálta maidir le haon chuid den chruinniú sin a bhaineann leo ina n-iniúcháirí reachtúla dóibh.

## 2.11 Iniúcháirí a chur as Oifig

### 2.11.1 Iniúcháir Reachtúil a chur as Oifig sa chás go bhfuil leas á bhaint as díolúine ó chuntais cuideachta a chur á n-iniúchadh<sup>34</sup>

Ní foláir do chuideachta atá i dteideal díolúine ó chuntais a chur á n-iniúchadh agus a bhaineann leas as an díolúine sin agus a shocraíonn gan an t-iniúcháir reachtúil a athcheapadh, nó a shocraíonn deireadh a chur le ceapachán an iniúcháir reachtúil, an cinneadh sin a chur in iúl don iniúcháir.

Déanfaidh an t-iniúcháir reachtúil, laistigh de 21 lá ó dháta chinneadh sin na cuideachta a chuirtear in iúl, fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta arna chur in iúl:

- nach bhfuil cás ar bith atá ceangailte le cinneadh na cuideachta arb é tuairim na n-iniúcháirí reachtúla gur cheart é a thabhairt chun aire chomhaltaí nó chreidiúnaithe na cuideachta, nó
- go bhfuil cúinsí arb é tuairim na n-iniúcháirí reachtúla gur cheart iad a thabhairt chun aire na gcomhaltaí nó na gcreidiúnaithe.

Mura ndéanann na hiniúcháirí reachtúla, agus go dtí go ndéanann na hiniúcháirí reachtúla, fógra den sórt sin a sheirbheáil ní bheidh feidhm le haon fhoirceannadh airbheartaithe ar an gceapachán mar iniúcháir reachtúil ag an gcuideachta.

Sa chás go ndéanann an t-iniúcháir fógra lena ngabhann ráiteas a sheirbheáil ar an gcuideachta, ní foláir don iniúcháir reachtúil sin cóip den fhógra a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 14 lá ó dháta na seirbheála<sup>35</sup>. Más amhlaidh cúinsí ba cheart a thabhairt chun aire na gcomhaltaí nó na gcreidiúnaithe á lua sa ráiteas ó na hiniúcháirí reachtúla, ní foláir don chuideachta, laistigh de 14 lá ó dháta na seirbheála, cóip den fhógra a sheoladh chuig gach duine atá i dteideal an fógra a fháil.

### 2.11.2 An tIniúcháir Reachtúil éirí as Oifig<sup>36</sup>

Is féidir le hiniúcháir reachtúil fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar chuideachta ina luaitear go bhfuil de rún acu éirí as oifig. Ní mór ráiteas mar chuid den fhógra sin arna chur in iúl:

- nach bhfuil cás ar bith atá ceangailte leis an éirí as oifig ba cheart a thabhairt chun aire chomhaltaí nó chreidiúnaithe na cuideachta, nó
- go bhfuil cúinsí arb é tuairim na n-iniúcháirí reachtúla gur cheart iad a thabhairt chun aire na gcomhaltaí nó na gcreidiúnaithe.

Sa chás go ndéanann an t-iniúcháir fógra faoi éirí as oifig a sheirbheáil ar an gcuideachta, ní foláir cóip den fhógra a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 14 lá. Más amhlaidh cúinsí ba cheart a thabhairt chun aire na gcomhaltaí nó na gcreidiúnaithe liostaithe san fhógra ag an iniúcháir, ní foláir don chuideachta, laistigh de 14 lá, cóip den fhógra a sheoladh chuig gach duine atá i dteideal cóip a fháil.

### 2.11.3 Iniúcháirí Reachtúla a chur as Oifig ag cruinniú ginearálta<sup>37</sup>

Is féidir le cuideachta, le gnáthrún ag cruinniú ginearálta, iniúcháir reachtúil a chur as oifig agus aon duine eile a cheapadh ina ionad a bheidh ainmnithe lena cheapadh ag aon chomhalta den chuideachta, is duine atá cáilithe faoi Cuid 27 le bheith ina iniúcháir reachtúil ar an gcuideachta agus a bhfuil fógra faoina ainmniú tugtha do na comhaltaí.

<sup>34</sup> Alt 399 Acht na gCuideachtaí.

<sup>35</sup> Alt 399(3)(a) Acht na gCuideachtaí.

<sup>36</sup> Alt 400 Acht na gCuideachtaí.

<sup>37</sup> Alt 394 Acht na gCuideachtaí (arna leasú ag Alt 13 Acht na gCuideachtaí (Iniúchta Reachtúla) 2018).



Ní bheidh feidhm le rún a rith maidir le hiniúcháir reachtúil a chur as oifig mura bhfuil cúiseanna maithe den suntas leis an gcur as oifig a bhaineann le hiompar na n-iniúcháirí i mbun a chuid nó a cuid dualgas a dhéanamh mar iniúcháir ag an gcuideachta, nó murarb é rith an rúin, i dtuairim na cuideachta, leas na cuideachta. Ní féidir, áfach, tuairimí difriúla faoi láimhseáil ó thaobh cuntasáíochta ná nós imeachta iniúcháireachta a bheith mar bhun le rún ar bith dá leithéid a rith agus ní thugtar san áireamh le “leas na cuideachta” aon tucaid mhídhleathach nó mhíchuí, mar shampla, nochtadh a sheachaint nó ceilt ar mhaineachtain na cuideachta a leagtar de dhualgas uirthi faoi Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh<sup>38</sup>.

#### **2.11.4 An fógra fadtréimhse atá de dhíth maidir le hiniúcháir a cheapadh nó a chur as oifig<sup>39</sup>**

Tá fógra fadtréimhse 28 lá de dhíth maidir le rún ag cruinniú ginearálta an t-iniúcháir reachtúil atá ag fónamh faoi láthair a chur as oifig agus/nó iniúcháir reachtúil nua a cheapadh.

Tá de cheart ag an iniúcháir reachtúil is ábhar do rún chun é/í a chur as oifig uiríll i scríbhinn a dhéanamh leis an gcuideachta agus a éileamh go seoltar an fógra chuig comhaltaí na cuideachta. Anuas air sin, tá de cheart ag an iniúcháir reachtúil a chuirtear as oifig fógra a fháil faoin gcéad Chruinniú Bliantúil Ginearálta ina dhiaidh sin ag an gcuideachta agus freastal ar an gcruinniú sin agus ar an gcruinniú ginearálta ag a mbeartaítear iniúcháirí eile a chur ina n-áit<sup>40</sup>.

#### **2.11.5 Dualgas fógra a thabhairt do IAASA faoi iniúcháir éirí as oifig idir cruinnithe CGB de chuid na cuideachta<sup>41</sup>**

Sa chás go dtarlaíonn nach leanann iniúcháir reachtúil in oifig de bharr éirí as oifig nó nach dtoilíonn iniúcháir lena athcheapadh nó go gcuirtear iniúcháir as oifig idir cruinnithe CGB, tá de dhualgas ar an iniúcháir sin a chur in iúl don IAASA laistigh de 30 lá de scor den oifig.

Ar an gcaoi chéanna, tá de dhualgas ar chuideachta fógra a thabhairt don IAASA laistigh den iniúcháir reachtúil scor den oifig idir cruinnithe CGB trí éirí as oifig nó neamhthoilteanas an iniúcháir lena athcheapadh nó an t-iniúcháir a chur as oifig an iniúcháir reachtúil.

#### **2.11.6 Cosc feidmiú mar Iniúcháir Reachtúil le linn dícháiliúcháin<sup>42</sup>**

Tá cosc ar an té is ábhar d’ordú dícháiliúcháin dul i bpáirtnéireacht nó leanacht i bpáirtnéireacht i gcomhlacht iniúcháirí reachtúla ón dáta atá 28 lá ó dháta an ordú dícháiliúcháin.

Tá cosc ar dhaoine den chineál sin freisin teagasc nó treoir a thabhairt maidir leis an iniúcháireacht ar ráitis airgeadais cuideachta nó oibriú in aon cháil i ndáil leis an iniúchadh ar ráitis airgeadais cuideachta nó oibriú in aon cháil le linn iniúchadh ar ráitis airgeadais cuideachta a bheith á sheoladh. Beidh an té a sháraíonn an toirmeasc seo ciontach i gcion d’aicme 2 agus is féidir síneadh suas le 10 mbliana breise a chur leis an ordú dícháiliúcháin ina leith.

38 Alt 395 Acht na gCuideachtaí.

39 Alt 396 Acht na gCuideachtaí.

40 Alt 398 Acht na gCuideachtaí.

41 Altanna 403 & 404 Acht na gCuideachtaí.

42 Alt 405 Acht na gCuideachtaí.





## 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

### 3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla

#### Pionóis arna bhforcur ag Cúirt

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do chionta coiriúla de dhá chineál, cion achomair agus cion indíotáilte. Go ginearálta, meastar nach bhfuil cion achomair chomh tromchúiseach le cion indíotáilte agus déantar an cineál sin a thriail gan ghiúiré os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche. Is iondúil a mheas gur tromchúisí an cion indíotáilte. Is féidir cion indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtrialtear cion achomair, is é sin os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche gan ghiúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad, a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, i.e. os comhair breithimh agus giúiré. Sa chás gur mar sin a dhéantar, deirtear go bhfuil an cion indíotáilte á ionchúiseamh ar díotáil. Sa chás go ndéantar cion a ionchúiseamh ar díotáil, is iondúil go mbíonn na pionóis a ndéantar foráil dóibh faoin dlí níos géire go mór ná mar a bheadh dá ndéanfaí an cion a ionchúiseamh go hachomair.

Faoi Alt 871 Acht na gCuideachtaí, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 1 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A<sup>43</sup> nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 bliana, nó iad araon, a chur air.

Go ginearálta, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 2 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 3 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 4 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air.

Is féidir leis an gCúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhaingniú nó a thairneadh a ordú don té a chiontaítear an sárú a leigheas<sup>44</sup>.

Foráiltear, áfach, faoi Acht na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos géire i ndáil le cionta áirithe, mar shampla:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht<sup>45</sup> – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na trédhearcachta (margaí rialáilte)<sup>46</sup>;

43 Ciallaíonn “fíneáil d'aicme A”, tráth a fhoilsithe seo, fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha 2010).

44 Alt 872 Acht na gCuideachtaí.

45 Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.

46 Alt 1382 Acht na gCuideachtaí.

- An Treoir maidir le Réamheolaire<sup>47</sup> – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar dtótail i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le réamheolaire<sup>48</sup>;
- An Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh<sup>49</sup> – fíneáil suas le €10 milliún agus/nó 10 mbliana príosúnachta ar chiontú ar dtótail i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid margaidh<sup>50</sup>.

### 3.2 Pionóis Shibhialta

#### Dícháiliúchán

Chomh maith le fíneáil agus pionóis i ndáil le cionta coiriúla, déantar foráil chomh maith do phionóis eile faoi Acht na gCuideachtaí, mar shampla dícháiliúchán agus srianadh.

Ciallaíonn dícháiliúchán go ndéanfaí duine a dhícháiliú óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach le tionscnamh, foirimíú nó bainistíocht aon chuideachta<sup>51</sup>.

Is féidir duine a dhícháiliú de trí

- Ordú Dícháiliúcháin ón gcúirt; nó
- Glacadh le Gealltanais Dícháiliúcháin – trína ngéilleann an duine a bheith faoi réir dícháiliúcháin, trí ghlacadh le gealltanais dícháiliúcháin forordaithe agus a shíniú.

#### Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa<sup>52</sup>

Déanann an chúirt duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar dtótail:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaítear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Ar dhuine a dhícháiliú don chúirt, bíonn an duine sin faoi réir ag ordú dícháiliúcháin ar feadh tréimhse 5 bhliana nó tréimhse eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá dlite ar an gcúirt sonraí faoin ordú dícháiliúcháin a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ionas go luaitear na sonraí a chuirtear ar fáil ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe<sup>53</sup>.

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhortheidhmiú Corparáideach freisin iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ag iarraidh go ndéanfaí duine a dhícháiliú ar fhorais áirithe<sup>54</sup>, ina measc:

- ciontacht i dhá chion nó líon is mó ná dhá chion i ndáil le taifid (alt 286);
- ciontacht i mainneachtainí go rómhinic faoi Acht na gCuideachtaí;
- ciontacht i dtrádáil chalaioseach nó mheargánta le linn fónamh mar oifigeach cuideachta.

47 Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.

48 Alt 1356 Acht na gCuideachtaí.

49 Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2014/57/EU) 2016 – I.R. 349 de 2016 (Arna leasú ag I.R. Uimh. 11 de 2017 agus I.R. Uimh 375 de 2017).

50 Alt 1368 Acht na gCuideachtaí.

51 Alt 838 Acht na gCuideachtaí.

52 Alt 839 Acht na gCuideachtaí.

53 Altanna 863 & 864 Acht na gCuideachtaí.

54 Alt 842 Acht na gCuideachtaí.





### Gealltanas Dícháiliúcháin<sup>55</sup>

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim go bhfuil cúinsí áirithe i gceist i ndáil leis an duine sin) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d'Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine<sup>56</sup>. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do “ghealltanas dícháiliúcháin” agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe<sup>57</sup>.

### Srianadh

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí cuideachta<sup>58</sup> le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e. cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh<sup>59</sup> de réir mar a bhíonn dlite. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir stiúrthóir de chuid na cuideachta, a dteipeann air nó uirthi a dheimhniú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, a shrianadh go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

### Gealltanas maidir le Srianadh<sup>60</sup>

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fórais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin “ngealltanais maidir le srianadh” chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu<sup>61</sup>.

Cuireann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, mar stiúrthóir nó rúnaí, agus ó bheith bainteach nó páirteach le foirimíú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitlithe go leormhaith<sup>62</sup>. I gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is ionann an ceanglas caipitil agus €500,000 de scairchaipiteal íoctha leithroinnte, agus i gcás cuideachta de chineál ar bith eile, is ionann an ceanglas caipitil agus €100,000. Bíonn cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos géire freisin i ndáil le cothabháil caipitil.

Measfar, gan cruthúnas ar aon ní eile, Acht na gCuideachtaí a bheith sáraithe ag duine a leanann in oifig mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srianadh a theacht i gcrích gan an chuideachta caipitlithe go leormhaith, agus déanfar an duine sin a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa ó bheith ina stiúrthóir. Pléitear srianadh go mion in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2.

55 Alt 849 Acht na gCuideachtaí.

56 Is iad na cúinsí iad seo a dtiocfadh ordú dícháiliúcháin dá mbarr dá mbeadh an chúirt cinnte go raibh siad i bhfeidhm, agus leagtar amach iad in alt 862 Acht na gCuideachtaí.

57 Alt 864 Acht na gCuideachtaí.

58 Altanna 819 & 820 Acht na gCuideachtaí.

59 Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

60 Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

61 Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

62 Alt 819(3) Acht na gCuideachtaí.



Beidh an té a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil i ndáil le cuideachta ar bith ainneoin cosc air nó uirthi sin a dhéanamh, de bharr (a) ordú dícháiliúcháin, nó (b) dearbhú srianta a bheith tugtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 2<sup>63</sup>.

#### **Cuideachta a Bhaint den Chlár<sup>64</sup>**

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt go bhfuil i gceist cuideachta a bhaint den chlár ar fhoras ar bith díobh seo a leanas:

- gur loic an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt mar atá dlite; nó
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead mar stiúrthóirí reatha ag an gcuideachta; nó
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim gur loic an chuideachta ráiteas sonraí ó chuideachta nua a chur ar fáil; nó
- go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an coinníoll á shásamh ag an gcuideachta go mbeadh cónaí ar stiúrthóir de chuid na cuideachta i stát de chuid LEE nó nach bhfuil an banna ar seilbh ag cuideachta is gá sa chás nach ann do stiúrthóir den sórt<sup>65</sup>; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil aon leachtaitheoir i mbun feidhme; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus gan tuairisceán tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Sa chás go ndéantar cuideachta a bhaint den chlár, aistrítear úinéireacht shócmhainní na cuideachta sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is ag an Stát atá úinéireacht orthu go dtí tráth a gcuirfí ainm na cuideachta ar ais ar an gclár. An fhaid a bhíonn an chuideachta bainte den chlár, leanann dlíteanas gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta den chuideachta agus is féidir a fhorghníomhú<sup>66</sup> amhail is dá mbeadh an chuideachta gan díscáileadh.

Pléitear na gnáis oibre atá de dhíth maidir le hainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta. Tá eolas sonrath mioninste faoi ainm cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar láithreán gréasáin Chláraitheoir na gCuideachtaí – [www.cro.ie](http://www.cro.ie)


<sup>63</sup> Alt 855 Acht na gCuideachtaí.

<sup>64</sup> Alt 725 Acht na gCuideachtaí.

<sup>65</sup> Alt 137 Acht na gCuideachtaí.

<sup>66</sup> Alt 734 Acht na gCuideachtaí.





Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
D01 W5C2  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.odce.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*